

TUARASCÁIL TIONCHAIR OFÁ CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH 2021-2025



+

+

+

+

Tionchar Oifig Fiontair Áitiúil
Chathair Bhaile Átha Cliath a
Thomhas 2021-2025



Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council



Enterprise
Ireland

#ÁChurlgCrích

Local Enterprise Office 

Achoimre Fheidhmeach

Tá dlús curtha faoi obair Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Chathair Bhaile Átha Cliath le blianta beaga anuas, agus neartaíonn sé sin a ról mar an chéad phointe teagmhála do ghnólachtaí atá ag iarraidh bunú, fás nó oiriúnú. Ó 2021 go 2025, ní hamháin go raibh an obair dírithe ar rudaí a choinneáil ar siúl — bhí sí dírithe ar an tacaíocht phraiticiúil a theastaíonn ó ghnólachtaí a thabhairt dóibh chun fanacht iomaíoch, coinneáil suas leis an saol, agus poist fhóra agus fhadtéarmacha a chruthú.

D'fhan OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath dírithe ar réitigh, in ainneoin cúpla bliain dheacair a raibh tionchar ag drochiarmhairtí COVID-19, boilsciú, agus Brexit orthu. D'athraigh sé a chur chuige nuair a bhí gá leis lena chinntiú go raibh gnólachtaí in ann coinneáil suas le hathruithe digiteacha, éilimh inbhuanaitheachta, agus athruithe in iompar tomhaltóirí. Tá scála an méid atá bainte amach soiléir:

- Tá na scileanna tugtha do **2,256 duine** chun a ngnó féin a thosú
- Tacaíodh le **1,281 gnólacht** chun dul ar líne
- Caitheadh **€20,307,247** chun tacú le gnólachtaí i gCathair Bhaile Átha Cliath

FREASTAL AR FHÍOR-RIACHTANAIS ÚINÉIRÍ GNÓ AG GACH CÉIM

I gcomhpháirtíocht le Fiontraíocht Éireann agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus é ag oibriú faoi Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse (SLA) láidir, comhlíonann an OFÁ feidhmeanna fiontraíochta ríthábhachtacha thar ceann Fhiontraíocht Éireann. Cinntítear leis an SLA sin go bhfuiltear ag teacht le beartais náisiúnta, leagtar síos treoirlínte oibríochtúla soiléire, agus sainmhínítear méadracht feidhmíochta le haghaidh seachadadh seirbhíse comhsheasmhach. Le blianta beaga anuas, leathnaigh OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath an bhéim thar fhiontraithe luathchéime chun gnólachtaí le suas le 50 fostaí a chur san áireamh, toisc go n-aithníonn sé go leanann uailmhian agus fás gnólachtaí i bhfad níos faide ná an chéim nuathionscanta. Trí thacaí comhairleoireachta tiomnaithe, tá béim níos láidre anois ar éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, costais a ghearradh, agus oibríochtaí níos cliste a fhorbairt. Tá tacaíochtaí airgeadais méadaithe chun freastal ar an uailmhian sin — is féidir rochtain a fháil anois ar dheontais a bhí teoranta do bhabhta amháin roimhe seo arís agus arís eile, agus tá luach cuid acu dúbailte. Chuidigh na tacaíochtaí sin le cliantchuideachtaí breis is **752 post** a chruthú.

Tá tacaíocht spriocdhírithe ag gnólachtaí miondíola agus fáilteachais ann anois trí thionscnaimh amhail an Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh, i ndiaidh gur chuir dianghlásálacha agus costais mhéadaitheacha isteach



RICHARD SHAKESPEARE

Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

orthu go háirithe. Tá dul chun cinn déanta freisin san iarracht i dtreo gnó digiteach, agus tá níos mó maoinithe agus saineolais ar fáil chun cabhrú le cuideachtaí trádáil a dhéanamh ar líne agus teacht ar chustaiméirí ar bhealaí nua.

Ag féachaint chun cinn, tá an sprioc soiléir—caithfidh Baile Átha Cliath fanacht ina chathair inar féidir le gnólachtaí rathú, beag beann ar a méid nó ar an earnáil ina bhfuil siad. Ciallaíonn sé sin tacaíocht a choinneáil solúbtha agus freagrúil, a chinntiú go gcomhlíonann maoiniú fíor-riachtanais, agus leanúint ar aghaidh pobal fiontar láidir a thógáil.

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath tiomanta don mhéid sin a chur i gcrích.

Tá athrú tagtha ar an ngnó, agus tá athrú tagtha ar OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath freisin. Ní chríochnaíonn an obair ag an bpointe sin. Leanfaimid orainn ag gabháil go díreach le riachtanais gnólachtaí sa chathair, ag éisteacht leo agus ag freagairt dóibh.

Clár an Ábhair

BROLLACH AG BREATHNÚ SIAR

SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA FAISNÉISE GNÓ 1

CLINICÍ COMHAIRLE GNÓ
TOSAIGH DO GHNÓ FÉIN
MEANTÓIREACHT
OILIÚINT
BARAINNEACH DON GHNÓ
GLAS DON GHNÓ
DIGITEACH DON GHNÓ

FIONTAR & FIONTRAÍOCHT 2

TACAÍOCHTAÍ AIRGEADAIS
AN COISTE MEASÚNAITHE AGUS
FORMHEASA (EVAC)
CUR CHUN CINN & GRADAIM
FIONTRAÍOCHTA

SEIRBHÍSÍ FORBARTHA EACNAMAÍOCHTA ÁITIÚLA 3

AN OIFIG UM FHORBART
EACNAMAÍOCH (EDO)
COLÚIN NA FORBARTHA
EACNAMAÍCHE

TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA 4

FIONTRAÍOCHT
IOMAÍOCHAS
DIGITIÚ
GLAS
NUÁLAÍOCHT
EASPÓRTÁIL / IDIRNÁISIÚNÚ
LÍONRAÍ

FORBAIRT CUMAIS AGUS ACMHAINNE 5

AN CISTE UM FHORBART
FIONTRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ (CFFR)
FORBAIRT BAINISTÍOCHTA
SPÁSANNA FIONTRAÍOCHTA

CLÁIR NÁISIÚNTA OFÁ 6

SEÓTHAISPEÁNTAS
AN TACADAMH BIA
AN COMÓRTAS NÁISIÚNTA
TREABHDÓIREACHTA
TIONSCNAIMH EILE
ALL IN A DAY'S WORK
LOOK FOR LOCAL

Brollach

Is é an Plean Forbartha Fiontair Áitiúil (PFFÁ) 2021 go 2025 an creat treorach maidir le conas a leathnaigh Oifig Fiontar Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath a raon feidhme, a neartaigh sí a tionchar, agus a chruthaigh sí tuiscint nua ar thacaíocht do ghnólachtaí beaga agus d'fhiontraithe uaillmhianacha. Ó bhunaitheoirí gnólachtaí nuathionscanta ag glacadh a gcéad chéimeanna go húinéirí gnó seanbhunaithe atá ag iarraidh fás, táimid fós dírithe ar thacaíocht fhiúntach phraiticiúil atá dírithe ar an todhchaí a sholáthar. Thar na cúig bliana, ghlac 17,920 duine páirt inár gclár oiliúna, agus fuair 6,567 duine rochtain ar mheantóireacht duine le duine—is aschuir shuntasacha iad sin a chabhraigh le feabhas a chur ar cháilíocht, éifeachtacht agus inrochtaineacht fiontair agus fiontraíochta ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá méadú suntasach tagtha ar an éileamh ar ár bpríomhchlár. Tá ró-éileamh ar chúrsaí Clinici Comhairle Gnó agus Tosaigh Do Ghnó Féin, rud a léiríonn go bhfuil dúil mhór san fhiontraíocht. Chun freastal ar an éileamh sin, leathnaíomar campaí traenála, agus thugamar isteach líonraí struchtúrtha ar nós Céimithe SYOB agus Ceangal OFÁ chun tacú le gnólachtaí ag céimeanna éagsúla de réir mar a fhásann siad. D'fhás ár Líonra Mná i gCúrsaí Gnó go suntasach, go háirithe trí ghrúpaí cuntasachta a chuir piarthacaíocht leanúnach ar fáil. D'fhorbraíomar an Clár Luasaire Easpórtála chun na scileanna riachtanacha a thabhairt do ghnólachtaí chun leathnú isteach i margaí nua, toisc gur aithníomar an gá atá le tacaí fairsidh níos láidre. Ag an am céanna, chothaigh Gradaim Fiontraíochta na Scoileanna sraith fiontraithe óga le daltaí a spreagadh chun smaointe gnó a fhorbairt agus a chur i láthair go luath. Cinntítear leis na hiarrachtaí sin go bhfanfaidh éiceachóras gnó Bhaile Átha Cliath bríomhar agus réamhbhreathnaitheach. Chríochnaigh an scéim móréilimh agus rathúil Dearbhán Trádála ar Líne i mí na Nollag 2024 agus tacaíocht athbhreithnithe ann do Digiteach don Ghnó agus Fás go Digiteach.

Léirigh tionchair na mblianta beaga anuas an tábhacht a bhaineann le hinoiriúnaitheacht freisin. Chuir an phaindéim dlús leis an ngá bhí le claochlú digiteach, agus bhí gnólachtaí a ghlac le díolacháin agus margaíocht ar líne in áit níos láidre. Chun freastal ar an athrú sin, leathnaíomar ár scéim Dearbhán Trádála ar Líne, agus méadaíodh leis sin líon na ngnólachtaí a fuair tacaíocht agus leibhéal na hoiliúna digítí a cuireadh ar fáil go suntasach.

D'athraigh forbairt bainistíochta freisin, agus clár mheantóireachta níos fadtéarmaí á dtabhairt isteach le rochtain leanúnach a thabhairt

d'úinéirí gnó ar chomhairleoirí a bhfuil taithí acu chun cabhrú leo dul i ngleic le dúshláin agus deiseanna nua a fháil.



WARREN CRAY

Ceannasaí Fiontair

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

Le linn na tréimhse sin, chuir OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath tús le turas dírithe freisin chun ailíniú le tosaíochtaí beartais náisiúnta maidir le hiomaíochas trí thacaíochtaí Barainneacha, Glasa, Digiteacha agus Easpórtála a dhaingniú inár dtairiscint seirbhíse. Tá tionchar ag na bunchlocha straitéiseacha sin ar an gcaoi a dtreoraímid gnólachtaí i dtreo éifeachtúlachta, inbhuanaitheachta, nuálaíochta agus fairsidh idirnáisiúnta níos fearr. Tá bunchloch láidir tógtha againn chun cabhrú le fiontair áitiúla a bheith níos athléimní, níos ullmhaithe don todhchaí agus níos ceangailte go domhanda.

Is é ceann de na hathruithe straitéiseacha is mó atá déanta againn ná bogadh thar mhúnla seirbhíse frithghníomhach. In áit freagairt do dhúshláin ghnó de réir mar a thagann siad chun cinn, tá cur chuige níos praiticiúla agus níos struchtúrtha glactha againn maidir lenár bpunann cliant a bhainistiú. Trí theagmháil réamhghníomhach a dhéanamh le gnólachtaí, a gcuid riachtanas a aithint níos luaithe, agus tacaíocht a thabhairt sula dtiontaíonn fadhbanna ina mbacainní, táimid ag cinntiú go bhfuil na bunchlocha cearta ag níos mó fiontar chun fás agus rath a bhaint amach. Tá sé sin ag teacht go dlúth le PFFÁ 2021-2025, agus neartaítear leis ár dtiomantas do thimpeallacht ghnó inbhuanaithe, cumhachtaithe go digiteach, agus iomaíoch ar fud an domhain a bhaint amach.

Tá pobal gnó Bhaile Átha Cliath seiftiúil, nuálach agus tiomanta. De réir mar a dhéanaimid pleanáil do na blianta amach romhainn, leanfaidh OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath ag athrú le cinntiú go bhfuil na tacaíochtaí cearta ar fáil do na fiontraithe atá ag dul i bhfeidhm ar thodhchaí gheilleagar na cathrach.

Ag Breathnú Siar

BUAICPHOINTÍ Ó 2021 - 2024



17,920

rannpháirtí oilte



752

glanphost cruthaithe



87%

méadú ar bhaill
Líonra Ban i gCúrsaí Gnó



6,386

dalta a ghlac páirt i
gcláir fiontraíochta
scoile



130

cliant OFÁ a d'aistrigh
go Fiontraíocht Éireann



(Deontais TOV)

1,281

cuideachta a fuair
tacaíocht chun dul ar líne



2,256

rannpháirtí Tosaigh
Do Ghnó Féin



6,567

gnólachta a fuair tacaíocht
mheantóireachta



€20,307,247

caiteachas iomlán OFÁ Chathair
Bhaile Átha Cliath chun tacú le
gnólachtaí



79

iarratas Barainneach
don Ghnó ceadaithe



SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA FAISNÉISE GNÓ

AN CHÉAD STAD

Is í Oifig Fiontair Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath an príomhphointe teagmhála d'fhiontraithe agus d'úinéirí gnólachtaí beaga atá ag lorg treorach agus tacaíochta i gceantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Seirbhís chuimsitheach agus ionchuimsitheach; cuireann OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath rochtain chuíchóirithe ar fáil d'fhiontraithe ar thacaí stáit, treoir shaineolach agus naisc ríthábhachtacha leis an éiceachóras fiontar leathan. Beag beann ar chéim an ghnó, cuireann ár bhfoireann treoir chruinn ar fáil don tacaíocht is ábhartha.

Feabhsaíonn cláir forbartha bainistíochta cumas ceannaireachta laistigh d'fhoireann bhainistíochta an ghnó i réimsí ar leith, amhail airgeadas agus margaíocht.



Is í an **Clinic Comhairle Gnó** an chéad chéim d'fhiontraithe atá ag iarraidh iniúchadh a dhéanamh ar a gcuid smaointe gnó le comhairleoirí OFÁ a bhfuil taithí acu. Bhí 252 clinic ar siúl le linn na tréimhse sin, rud a thacaigh le 4,187 rannpháirtí le treoir luachmhar duine le duine. Cuidíonn na seisiúin sheachtainiúla sin le daoine deimhniú a thabhairt dá gcoincheapa gnó, inmharthanacht na féinhostaíochta a mheas, castachtaí trádála iar-Bhreaitimeachta a láimhseáil, agus treoir a fháil i gcéimeanna luatha a dturas fiontraíochta.

Fuarthas **12,000+** fiosrúchán teileafóin, agus déileáladh le **37,000+** ríomhphost



Tugann an cúrsa **Tosaigh Do Ghnó Féin** de chuid OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath na scileanna riachtanacha d'fhiontraithe atá ag teacht chun cinn chun a gcuid fiontar gnó a mheas agus a sheoladh. Déanann an clár cuimsitheach sin plé ar phríomhréimsí amhail pleanáil ghnó, díolacháin agus margaíocht, reachtaíocht fostaíochta, airgeadas, cánachas, agus forbairt plean gnó. Cuirtear béim láidir freisin ar indéantacht agus acmhainneacht mhargaidh choincheap gnó gach rannpháirtí a thástáil. Idir 2021 agus 2025, bhain 2,256 cliant leas as an gclár sin, agus fuair siad an mhuinín agus an t-eolas a bhí ag teastáil uathu chun an chéad chéim eile a thógáil ina dturas fiontraíochta.



Cuireann **Clár Meantóireachta** OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath treoir luachmhar duine le duine ar fáil trí úinéirí gnólachtaí beaga a nascadh le cleachtóirí gnó a bhfuil taithí acu. D'oibrigh na gairmithe sin mar chomhairleoirí tiomnaithe do 6,567 gnólacht idir 2021 agus 2025 a d'éist, a thug treoir maidir le cinnteoireacht, a shainaithin réimsí le feabhsú, agus a chuidigh le pleanáil ghnó.



Cuireann OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath réimse leathan deiseanna **Oiliúna** ar fáil atá beartaithe chun freastal ar riachtanais éagsúla gnólachtaí áitiúla. Cuireann na cúrsaí sin treoir phraiticiúil ar fáil ag gach céim den fhorbairt gnó. Déantar fóirdheonú láidir ar chlár, agus tá go leor acu saor in aisce, rud a chinntíonn inrochtaineacht do chách. Idir 2021 agus 2025, ghlac 17,920 rannpháirtí páirt san oiliúint.

79

gnólacht beag a fuair ceadú do thionscnaimh Bharainneacha

6,567

fiontraí a bhain leas as seisiúin mheantóireachta duine le duine



Cuidíonn an clár **Barainneach don Ghnó** le gnólachtaí beaga a bheith níos iomaíche agus níos táirgiúla trí phrionsabail ghnó 'bharainneacha' a ghlacadh. Oibríonn saineolaí tiomnaithe Barainneach go díreach le gach gnólacht chun tionscadal laghdaithe costais spriocdhírthe a chur i gcrích agus feabhsuithe a thagarmharcáil. Ar an meán, thuiriscigh gnólachtaí rannpháirteacha coigilteas €30,000 — arb ionann é agus costas tuarastail bhreise. Idir 2021 agus 2025, ceadaíodh 79 cliant chun páirt a ghlacadh sa chlár claochlaitheach sin.



Tá an Clár **Glas don Ghnó** i dtús cadhnaíochta thiomantas OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath d'fhorbairt fiontar inbhuanaithe. Ceanglaíonn an tionscnamh sin, a seoladh in 2021, úinéirí gnó le comhairleoirí glasa saineolacha a sholáthraíonn treoir phraiticiúil maidir le cleachtais atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de a chur i bhfeidhm. Bhain 127 cliant leas as an gclár sin i rith na tréimhse 2021-2025.



Seoladh an Clár **Digiteach don Ghnó** in 2022, agus tugann sé na huirlisí agus an saineolas atá riachtanach do chliant OFÁ chun rath a bhaint amach i margadh digiteach an lae inniu.

Faigheann gnólachtaí measúnuithe digiteacha cuimsitheacha a shainaithníonn bearnaí oibríochtúla agus deiseanna fáis. Ceadaíodh 79 cliant sa tréimhse 2022 - 2025.

2,256

duine a ghlac páirt sa chlár Tosaigh Do Ghnó Féin

127

gnólacht a fuair ceadú do thionscnaimh Ghlasa

SILVER WORKS



"Chun cabhrú linn cuma a chur ar shuíomh gréasáin The Collective, bhí 6 uair an chloig de mheantóireacht OFÁ againn le saineolaí gréasáin freisin, chun cabhrú linn a bheith inár ngnólacht onnmhairithe ríomhthráchtála... Ní féidir leat gach rud a dhéanamh leat féin, agus ní féidir leat gnó a fhás leat féin ar chor ar bith."

Madeleine Blaine, Silver Works

17,920

gnólacht a ghlac páirt i seisiúin oiliúna a raibh sé mar aidhm acu scileanna forbartha agus fáis tábhachtacha a fheabhsú.



FIONTAR & FIONTRAÍOCHT

Tá ról ríthábhachtach ag OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath i bhfiontraíocht ar fud phobal gnó éagsúil Bhaile Átha Cliath a chothú. Téann ár seirbhísí tacaíochta cuimsitheacha níos faide ná cúnamh gnó traidisiúnta, agus díríonn siad ar thimpeallacht a chruthú inar féidir le smaointeoireacht fiontraíochta a bheith rathúil agus inar féidir smaointe nuálacha a chlaochlú ina bhfiontair inbhuanaithe. Trí chlár spriocdhírthe, tionscnaimh mheantóireachta, agus deiseanna forbartha ceannaireachta, oibrímid go gníomhach chun a chinntiú go bhfuil fiontraíocht inrochtana agus inmharthana.

FINANCIAL SUPPORTS

- 🕒 Tá **Deontais Féidearthachta** beartaithe chun cabhrú le taighde a dhéanamh ar éileamh an mhargaidh ar tháirge nó ar sheirbhís agus a inbhuanaitheacht a scrúdú
- 🕒 Tá deontas tacaíochta gnó nuathionscanta agus tuarastail, an **Deontas Prímeála**, ar fáil do mhicrifhiontair laistigh den chéad 18 mí dá ngnó
- 🕒 Tá an **Deontas Leathnaithe Gnó** beartaithe chun cabhrú leis an ngnólacht ina chéim fáis tar éis na tréimhse tosaithe 18 mí, agus deontas tacaíochta tuarastail atá ann.

ACHOIMRE AR DHEONTAIS A CEADAÍODH

Cineál	Uimh. Ceadaithe	Méid Ceadaithe
Deontas Féidearthachta	155	€1,511,563
Méadú gnó	109	€3,530,153
Cúnamh airgeadais tionscnaimh	55	€1,642,687
Iomlán	319	€6,684,403

Ní hamháin gur fheabhsaigh na tacaíochtaí sin an t-iomaíochas, ach bhí tionchar soiléir eacnamaíoch acu freisin—chabhraigh siad le **752 post** nua a chruthú le linn na tréimhse.

AN COISTE MEASÚNAITHE AGUS FORMHEASA (EVAC)

Is é an Coiste Measúnaithe agus Formheasa, an comhlacht láidir atá freagrach as deontais a cheadú, an coiste deonach a thagann le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú deontais agus chun é a cheadú. Tá roinnt ball a bhfuil taithí mhór acu ar an gcoiste, ina measc: Cathaoirleach (Leas-Phríomhfheidhmeannach na Cathrach arna roghnú ag POF na Comhairle Cathrach); ionadaí ó Fhiontraíocht Éireann; agus cúigear a bhfuil saineolas gnó acu i réimsí sonracha. Aithníonn an OFÁ an tiomantas suntasach a dhéanann an coiste chun tacú le hobair na hoifige agus fiontraithe Chathair Bhaile Átha Cliath, trí thrédhearcacht agus maoirseacht a sholáthar maidir le leithdháileadh deontas agus go minic pleananna gnó agus faisnéis airgeadais a léamh i ndiaidh a gcuid póist lae nó thar a ndeireadh seachtaine.

COMHALTAÍ

Anthony Flynn	Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Pleanála, Maoine agus Forbartha Eacnamaíche agus Cathaoirleach EVAC
Patrick Lynch	Iar-Chathaoirleach Bhord Fiontraíochta Chathair Bhaile Átha Cliath
Megan Henry	Banc na hÉireann - Baincéireacht Ghnó
Mark Fielding	Cuntasóir - POF ar scor ISME
Margaret Halligan	Fiontraíocht Éireann
Gerry Breen	Fiontraí agus Iar-Ard-Mhéara Bhaile Átha Cliath
Alp Türkmen	Straitéisí Gnó & Teicneolaíochta Idirnáisiúnta

142

gnólacht a chuir isteach iarratais ar iasachtaí Mhicreamhaoiniúcháin Éireann chun tacú lena bhfiontair



ANTHONY FLYNN

Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Pleanála, Maoine agus Forbartha Eacnamaíche agus Cathaoirleach EVAC
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath



Trí chomhoibriú dlúth le Fiontraíocht Éireann, aithníonn agus forbraíonn OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath cuideachtaí atá réidh chun a gcuid oibríochtaí a fhás go hidirnáisiúnta. Cinntítear leis an gconair struchtúrtha sin go bhfaigheann gnólachtaí atá ag fás tacaíocht réidh agus iad ag aistriú ó mhargaí áitiúla go margaí domhanda. Lenár gcur chuige comhordaithe, cuidítear le gnólachtaí uailmhianacha i mBaile Átha Cliath rochtain a fháil ar na hacmhainní cearta ag an am ceart chun a gcuspóirí onnmhairithe agus fáis a bhaint amach.

Tacaíonn OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath go rialta le 385 cliant ó réimse earnálacha, lena n-áirítear an earnáil Teicneolaíochta agus TFC, an earnáil Chruthaitheach agus Ceardaíochta, an earnáil Bia, an earnáil Déantúsaíochta agus gnólachtaí a thrádálann go hidirnáisiúnta.

AISTRITHE CHUIG FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

Bliain	Cliant Aistrithe
2021	22
2022	17
2023	33
2024	32
2025	26



“Chabhraigh OFÁ [Cathair Bhaile Átha Cliath] go mór linn an gnó a fhás agus an fhoireann a leathnú. In 2021, fuair muid an deontas um Leathnú Gnó chun triúr fostaithe nua a fhostú, agus chiallaigh sé sin go rabhamar in ann na trí chuid den oibríocht a fhás ag an am céanna. Gan é sin, bheimis tar éis baic a chruthú sa sreabhadh oibre.”

Donal Byrne, Hatched Analytics

Beartaíodh an Scéim Dearbhán Trádála ar Líne (TOV) chun gnólaigh beaga a spreagadh chun trádáil a dhéanamh ar líne, rud a d’oscail margaí sa bhaile agus thar lear. Bhain an tionscnamh le hoiliúint, comhairle agus cúnamh airgeadais chun a dtrádáil ar líne a mhéadú. Tacaíodh le 1,281 gnólaigh dul ar líne le linn na tréimhse 2021-2025.

Tacaíonn clár Dearbhán Fás go Digiteach, a seoladh in 2024, le fiontair bheaga agus mheánmhéide chun oibríochtaí a chúchóiriú, custaiméirí nua a fháil ar líne, agus iomaíochas a choinneáil sa mhargadh digiteach. Cuirtear maoiniú deontais ar fáil le haghaidh bogearraí, oiliúna agus cumraíocht TF leis an tionscnamh. Ceadaiódh 9 gcliant san iomlán in 2025.

Cuireann an Clár Deontais Éifeachtúlachta Fuinnimh, a seoladh i ráithe 3 de 2023, tacaíocht airgeadais ríthábhachtach ar fáil do ghnólaigh beaga atá tiomanta dá bhfeidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú. Tacaíonn an maoiniú cuimsitheach sin le feabhsuithe inbhuanaitheachta éagsúla ar fud tionscnaimh caomhnaithe uisce, éifeachtúlachta fuinnimh, agus geilleagair chiorclaigh. Ceadaiódh 11 chliant san iomlán le linn na tréimhse 2023 - 2025.

Chuir an Deontas Cúnamh Theicniúil do Mhicreá-Easpórtálaithe (TAME) páirtmhaoiniú ar fáil do chostas imscrúdaithe agus taighde ar mhargaí onnmhairithe. Áiríodh leis sin taispeántais a dhéanamh ag aontaí trádála, ábhar margaíochta a ullmhú, agus suíomhanna gréasáin a fhorbairt a dhíríonn go sonrach ar mhargaí thar lear. Tacaíodh le 78 gnólaigh sa tréimhse 2021 - 2025. Tá an deontas sin ag teacht leis an gClár Luasaire Easpórtála, rud a thugann scileanna riachtanacha do ghnólaigh chun leathnú isteach i margaí nua.



“Bhí ról suntasach ag an Oifig Fiontair Áitiúil i bhfás mo ghnó, go háirithe trí thacaíochtaí cosúil leis an Deontas TAME, an Dearbhán Trádála ar Líne, agus meantóireacht. Bhí sé ar fad iontach do mo ghnósa.”

Laura McCarthy, Drink Botanicals Ireland

1,281

fiontair ghnó a raibh a gcuid tionscadal Dearbhán Trádála ar Líne ceadaithe acu chun cumais thrádála dhigiteacha a neartú.

CUR CHUN CINN & GRADAIM FIONTRAÍOCHTA



Déanann **Gradaim Fiontraíochta Chathair Bhaile Átha Cliath** ceiliúradh ar éachtaí agus nuálaíocht gnólachtaí áitiúla laistigh de cheantar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, amhail VRAI & Drink Botanicals. Bíonn fiontair den scoth san iomaíocht le haghaidh aitheantais agus tacaíocht luachmhar chun a bhfás agus a bhforbairt a chur chun cinn gach bliain. Téann buaiteoir Chathair Bhaile Átha Cliath ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh don réigiún ag na Gradaim Fiontraíochta Náisiúnta, in éineacht le seaimpíní ó Oifigí Fiontair Áitiúil eile ar fud na hÉireann

33 iarratais a cuireadh isteach



Léiríonn an tionscnamh bliantúil seo, **Seachtain Fiontair Áitiúil**, an raon iomlán tacaíochtaí fiontraíochta is féidir le OFÁna a sholáthar d'fhiontraithe reatha agus d'fhiontraithe atá ag teacht chun cinn. Sa clár seachtaine meantóireachta, comhairle agus líonraithe, cuirtear béim ar na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá ar fáil do FBManna agus do ghnólachtaí nuathionscanta, chomh maith le rogha ócáidí agus ceardlann a chur ar fáil atá ceaptha chun spreagadh agus chun eolas a thabhairt. Le linn na Seachtaine Fiontair Áitiúil, bíonn go leor deiseanna chun foghlaim, comhroinnt, eolas a chur ar fáil agus cur leis an bpobal gnólachtaí nuathionscanta agus fiontraíochta bríomhar atá i gCathair Bhaile Átha Cliath.

119 imeacht agus breis is **5,100+** rannpháirtí



Is imeacht bliantúil é **Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan** atá ceaptha chun ceiliúradh a dhéanamh ar mhná i gcúrsaí gnó i réigiúin éagsúla, rud a chruthaíonn níos mó deiseanna líonraithe. Tá imeachtaí an chlár saor in aisce, agus áirítear leo ceardlanna, plé painéil, agus líonrú éascaithe chun tuilleadh fiontraithe a nascadh le comhairle agus léargais ó chuid de na banfhiontraithe is rathúla in Éirinn. Déanann OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath Lá Idirnáisiúnta na mBan a cheiliúradh gach bliain freisin le himeachtaí saincheaptha lena n-aibhsítear fiontair faoi stiúir na mban, agus cuireann sé deiseanna breise ar fáil chun eolas a roinnt agus chun parrthacaíocht a sholáthar.

273 ball in 2025

"Tá rud éigin ar fáil do chách, agus is deis iontach í do dhaoine ar mian leo a ngnólacht féin a thosú i gcónaí, nó a bhfuil smaoineamh iontach acu, foghlaim conas tús a chur leis agus an uailmhian sin a bhaint amach."

Greg Swift, Ceannasaí Fiontraíochta do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath



Trí **Chlár Fiontraíochta na nDaltaí**, cuidítear le coincheap na fiontraíochta a chur chun cinn sa mheánscoil, agus spreagtar daoine óga chun taighde a dhéanamh ar a ngnólachtaí féin, iad a bhunú agus a reáchtáil, le cabhair ó chomhordaitheoirí fiontar mac léinn ón Oifig Fiontair Áitiúil. Tá gnólachtaí rathúla bunaithe ag roinnt rannpháirtithe mar thoradh ar a gcoincheap a thástáil agus páirt a ghlacadh sa chlár.

6,386 dalta in **147** scoil



BUAITEOIRÍ GHRADAIM FIONTRAÍOCHTA CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Bliain	Cuideachta
2021	VRAI
2022	The InkSpot
2023	Lovin' From the Oven
2024	Drink Botanicals Ireland
2025	JANDO



National Women's
Enterprise Day

Local
Enterprise
Week 2026
Making it Happen





SEIRBHÍSÍ FORBARTHA EACNAMAÍOCHTA ÁITIÚLA

Cruthaíonn OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath timpeallacht inar féidir le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí beaga bunú, fás agus rath a bhaint amach. Déanaimid an méid sin trí rochtain a sholáthar ar spás fiontraíochta, deiseanna maoinithe straitéiseacha, agus raon leathan tacaíochtaí saincheaptha. Cinntítear leis an gcur chuige atá againn go bhfuil forbairt fiontar áitiúil ag teacht go dlúth le tosaíochtaí na cathrach agus le beartas eacnamaíoch náisiúnta, toisc go leagann sé sin bunchloch láidir le haghaidh fás inbhuanaithe fadtéarmach.

AN OIFIG UM FHORBART EACNAMAÍOCH (EDO)

Is oifig chomhoibríoch laistigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath í an **Oifig um Fhorbairt Eacnamaíoch (EDO)** atá ag teacht go dlúth le hoibríú agus gníomhaíochtaí na hOifige Fiontar Áitiúil i gCathair Bhaile Átha Cliath. Tá an EDO freagrach as Forbairt Eacnamaíoch a chur chun cinn i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Tá ról lárnach ag an oifig sin i gcur chun cinn fiontraíochta agus fás eacnamaíoch laistigh de Chathair Bhaile Átha Cliath. Idir 2021 agus 2022, d'oibrigh an EDO mar chuid **d'Oifige Fiontar Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath**, sular aistríodh é faoin roinn Cultúir, Áineasa agus Seirbhísí Eacnamaíochta (CRES) in 2023–2024.

Tá sainchúram an EDO faoi threoir an

CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar (2019–2024), atá comhdhéanta de chomhaltaí tofa de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is é an sprioc atá leis ná cur le tírdhreach eacnamaíoch níos cuimsithí, níos nuálaí agus níos inbhuanaithe do Chathair Bhaile Átha Cliath agus é sin a chur chun cinn. I gcomhréir leis an sprioc sin, úsáideadh **Plean Corparáideach Chathair Bhaile Átha Cliath 2020–2024** mar chreat straitéiseach foriomlán na Comhairle, rud a chuir seachadadh seirbhísí agus tosaíochtaí chun cinn i gcomhréir le cuspóirí beartais náisiúnta agus Eorpacha. Tacaíonn **Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath (CFPÁ)**, a bunaíodh in 2014, agus atá comhdhéanta d'ionadaithe ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, ó ghníomhaireachtaí stáit tábhachtacha, agus ó chomhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, le hobair an EDO freisin.

Tacaíonn an rannóg Forbartha Pobail agus Sóisialta laistigh den Chomhairle leis an CFPÁ, agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le forbairt áitiúil chomhordaithe a chur chun cinn. Cuireann iarrachtaí an EDO le **Plean Forbartha Fiontair Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath 2021–2024** freisin, toisc go bhfuil sé mar aidhm aige éiceachóras fiontar bríomhar a chothú a thacaíonn le gnóilachtaí nuathionscanta ardluacha agus le fás gnóilachtaí beaga agus micreaghnothaí. Ag breathnú ar aghaidh, cuireann Straitéis/Ráiteas Beartais OFÁ 2024–2030, a seoladh le déanaí, treo soiléir ar fáil do thodhchaí Lónra OFÁ. Neartaíonn sé a thiomantas don nuálaíocht, don chomhoibriú agus don fhorbairt eacnamaíoch ionchuimsitheach ar fud Chathair Bhaile Átha Cliath.

Is é misean na nOifigí Tacaíochta Eacnamaíochta laistigh de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath:

- tacú le tionscnaimh a fheabhsóidh caighdeán saoil na ndaoine.
- cumas na cathrach tallann den scoth a mhealladh a fheabhsú trí Chomhfhorbairt Áite.
- Baile Átha Cliath a chur chun cinn mar áit mhealltach chun cónaí ann, bheith ag obair, infheistiú inti agus cuairt a thabhairt uirthi.
- cultúr cruthaitheachta agus nuálaíochta a chothú, i gCathair atá nasctha go domhanda.
- teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara Eacnamaíochta chun ailíniú agus tionchar acmhainní a uasmhéadú.

Déantar tionscadail faoi cheithre cholún

Colúin na Forbartha Eacnamaíche

FORBAIRT DHAONNA

COMHFHORBAIRT ÁITE AGUS BRAISLÍ

CUR CHUN CINN & INFHEISTÍOCHT

AERÁID AGUS NUÁLAÍOCHT

Is Lónra Rialtais áitiúil í Comhpháirtíocht **Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste (DBEC)** atá bunaithe ag ocht gComhairle, lena n-áirítear Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus dhá ollscoil atá suite feadh Chonair Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath-Bhéal Feirste. Is iad seo a leanas na príomhghníomhaíochtaí atá á gcur chun cinn 1: Fás Inbhuanaithe agus atá á dTreorú ag Nuálaíocht, 2: Forbairt Scileanna, 3: Rannpháirtíocht agus forbairt branda. Leagtar amach fíis na Comhpháirtíochta i Straitéis agus i bPlean Gníomhaíochta DBEC mar seo a leanas: “Beidh DBEC ina chonair eacnamaíoch cheannrórdaíoch san Eoraip, ag baint fás inbhuanaithe amach trí T&F chomhoibriú, lucht saothair sáraithe, agus bonneagar cumasúcháin”.

Is tionscnamh comhpháirteach é **Monatóir Eacnamaíoch Bhaile Átha Cliath** thar ceann na gceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath chun forbairt i ngeilleagar na príomhchathrach a rianú, agus tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gceannas air. Cé go bhfuil faisnéis shuntasach ar fáil maidir le forbairt sa gheilleagar náisiúnta, tá sé mar aidhm ag an Monatóir, atá á reáchtáil ó 2015, aghaidh a thabhairt ar an easpa feasacháin rialta ar threochtaí i ngeilleagar Bhaile Átha Cliath. Áirítear leis an Monatóir SpendingPulse Mastercard agus IBC Bhaile Átha Cliath S&P Global freisin chun léargas uathúil a thabhairt ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht ghnó i mBaile Átha Cliath. Tá liosta cuimsitheach de tháscairí eacnamaíocha ón monatóir ráithiúil ar an suíomh gréasáin dublineconomy.ie, agus féachtar air breis is 3000 uair in aghaidh na míosa.

ENFUSE, faoi stiúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, na hOifige um Fhorbairt Eacnamaíoch agus na hOifige Fiontair Áitiúil i mBaile Átha Cliath, ceanglaíonn an clár ceannrórdaíoch ENFUSE, a bhuaigh go leor duaiseanna, fiontair áitiúla agus fiontair shóisialta le mic léinn ollscoile agus coláiste ar leibhéal Máistreacht. Oibríonn mic léinn i bhfoirne mar chuid de mhodúl chun taighde a dhéanamh agus, sa deireadh, pleananna saincheaptha a sholáthar do ghnóilachtaí rannpháirteacha. Leagtar amach réitigh nuálacha sna pleananna chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus chun deiseanna a fhorbairt. Ó 2021 go 2025, bhí 367 fiontar in ENFUSE, agus ba chuideachtaí a fuair tacaíocht ó OFÁ cuid mhór acu, agus 1609 mac léinn.

Do Bhaile Átha Cliath, Do Ghuth, painéal tuairimíochta i mBaile Átha Cliath arna chruthú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus arna bhainistiú ag an bhfoireann um Fhorbairt Eacnamaíoch, a fhaigheann aiseolas ó shaoránaigh agus ó dhaoine eile ar na dúshláin agus deiseanna atá roimh Bhaile Átha Cliath. Bhí 30 suirbhé críochnaithe faoi mhí na Nollag 2025, le 5,665 painealaí reatha agus 29,625 freagra faighte. Scaiptear torthaí an tsuirbhé go forleathan, agus tá siad ar fáil ar www.dublincity.ie, agus cuidíonn siad le faisnéis a sholáthar le haghaidh cinnteoireachta agus forbairt beartais. Dhírigh cuid de na topaicí suirbhé go dtí seo ar théamaí lena n-áirítear: Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath, Geilleagar na hOíche, Úsáid na Gaeilge agus Dearthaí ina leith, Taisteal Gníomhach agus Turasóireacht.

Tá sé mar aidhm ag **Gradaim Fiontraíochta Sóisialta Bhaile Átha Cliath** tacú le cruthú agus forbairt fiontar sóisialta i gCathair Bhaile Átha Cliath. Leis an gclár gradam, cuirtear deontais, meantóireacht, cur chun cinn agus tacaíochtaí eile ar fáil d'iaratasóirí rathúla ionas gur féidir leo a ngníomhaíochtaí a fhorbairt a thuilleadh, a dtionchar sóisialta a mhéadú agus leas a dhéanamh do níos mó daoine agus pobal. Ba é 2024 comóradh 10 mbliana Ghradaim Fiontraíochta Sóisialta Bhaile Átha Cliath, agus tionóladh ceiliúradh i Halla na Cathrach chun aitheantas a thabhairt do na deich mbliana roimhe sin agus do na dámhachtaithe in 2024. Bhunaigh Fiontar Lár na Cathrach (ICE) agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Gradaim Fiontraíochta Sóisialta Bhaile Átha Cliath, le tacaíocht ó Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) Chathair Bhaile Átha Cliath agus ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Chruthaigh an Oifig um Fhorbairt Eacnamaíoch agus Oifig Réigiúnach um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola an Oirthir-Lár Tíre an clár oiliúna geilleagair chiorclaigh do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide, **MODOS**, agus tá na hoifigí sin i gceannas air freisin. Oibríonn an dá oifig le chéile chun cabhrú le fiontair a bheith níos inbhuanaithe, agus dramhaíl á laghdú agus deiseanna á mbaint amach. Tá an clár ar fáil go náisiúnta faoi láthair, agus cuimsíonn sé oiliúint dhinimiciúil agus ranganna ar líne ar phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh, ar an slabhra soláthair inbhuanaithe, éifeachtúlacht acmhainní, smaointeoireacht dearaidh agus rannpháirtíocht custaiméirí. Tacaítear leis le himeachtaí líonraithe, taispeántais agus seimineáir ghréasáin freisin.


Geilleagar na hOíche - Sa bhliain 2024, sheol Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath plean uailmhianach, nuálach chun geilleagar oíche na cathrach a athnuachan, agus sábháilteacht, soghluaisteacht agus beocht chultúrtha á bhfeabhsú, mar chuid de shraith tionscnamh píolótach a fhaigheann tacaíocht ó thascfhórsa an rialtais ar Gheilleagar na hOíche. Léiríonn an tionscnamh sin tiomantas dílis chun siamsaíocht oíche dhinimiciúil agus chuimsitheach a chruthú a fheabhsaíonn saol na gcónaitheoirí agus na gcuariteoirí araon. Tá Ray O'Donoghue, Comhairleoir Geilleagair Oíche nua le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, i gceannas air, agus léiríonn an plean tiomantas CCBÁC chun siamsaíocht oíche na cathrach a fheabhsú agus straitéis réamhbhreathnaitheach a fhorbairt ionas gur féidir le Baile Átha Cliath a bheith ar cheann de na cinn scríbe is fearr san Eoraip ó thaobh siamsaíocht oíche de. Bhain an obair sin le rannpháirtíocht leathan ar fud Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus le páirtithe leasmhara, eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí tábhachtacha na cathrach.

Turasóireacht - Is é Baile Átha Cliath an ceann scríbe turasóireachta thar lear is tábhachtaí sa tír, agus is cuid lárnach de gheilleagar na cathrach í an turasóireacht. Aithníonn Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a ról lárnach i bhforbairt leanúnach na turasóireachta sa chathair agus maidir le tacaíocht a thabhairt don tionscal turasóireachta náisiúnta níos leithne. Laistigh de Straitéis Turasóireachta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2024 go 2028, shainaithin muid 3 sprioc: Daonna: is clár oibre fáis atá dírithe ar an duine agus ar an bpobal é. Inbhuanaithe: is cur chuige réamhghníomhach, cuntasach agus intomhaiste é chun ár spriocanna aeráide a bhaint amach. Nuálach: gné atá dírithe ar an todhchaí, cruthaitheach, comhoibríoch agus atá chun cinn go digiteach. Is iad Daoine, Áiteanna agus Spásanna, Cultúr, Gníomhaíocht ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, Nuálaíocht, Sonraí agus Léargais na 6 cholún straitéiseacha turasóireachta a bheidh mar bhunús dár Straitéis Turasóireachta nua, 2024-2028. Bhí iarratas rathúil ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun bheith ina

Príomhchathair Eorpach na Turasóireachta Cliste in 2024 a chuir clár láidir agus éagsúil rannpháirtíochta ar fáil. Mar thoradh air sin, tá roinnt tionscadail oidhreachtá rathúla tagtha chun cinn.

Branda Áite Bhaile Átha Cliath - Dublin.ie Is suíomh gréasáin é sin a bhuaigh go leor duaiseanna, agus feidhmíonn sé mar shuíomh gréasáin brandála cathrach. Cuireann sé Baile Átha Cliath chun cinn mar áit le bheith in do chónaí, le hobair, le foghlaim agus le freastal ar imeachtaí ann. Tá an suíomh gréasáin ceaptha do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá sé mar aidhm againn tallann oilte, infheistíocht dhomhanda, gnóilachtaí nuathionscanta agus mic léinn a mhealladh, agus, ag an am céanna, inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus daoine atá ina gcónaí anseo cheana féin a spreagadh chun an leas is fearr a bhaint as a n-eispéireas i mBaile Átha Cliath. Thacaigh foireann Bhranda Áite Bhaile Átha Cliath le seoladh na Straitéise um Gheilleagar na hOíche, agus reáchtáilann siad Oícheanta Bhaile Átha Cliath ar an suíomh gréasáin le haghaidh nuashonruithe ar an bhfaisnéis agus na himeachtaí atá le teacht go léir maidir leis an nGeilleagar Oíche. Táimid ag obair anois le réigiún Bhaile Átha Cliath chun cuspóirí comhchoiteanna a chur chun cinn agus chun feachtais a chomhaontú chun príomhthéamaí a chur chun cinn a spreagann rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara áitiúla agus idirnáisiúnta.





TOSAÍOCHTAÍ STRAITÉISEACHA

Tá fíís straitéiseach OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath bainte amach go rathúil maidir le tacaíocht a thabhairt d'éiceachóras fiontraíochta Bhaile Átha Cliath agus é a fhás. Agus punann éagsúil gnólachtaí á bhainistiú againn, tá torthaí intomhaiste bainte amach ag ár gcur chuige dírithe i réimsí tosaíochta - ó chlaochlú digiteach go tionscnaimh inbhuanaitheachta. Trí sheirbhísí comhairleacha gnó spriocdhírthe agus trínár bPainéal Comhairleoireachta Saineolaithe nuabhunaithe, d'fheabhsaíomar ár gcumas chun cuideachtaí a threorú trí chéimeanna fáis ríthábhachtacha agus muid ag oiriúnú do dhúshlán mhargaidh a bhíonn ag athrú i gcónaí.

FIONTRAÍOCHT



Bhí ár **gCláir Fiontraíochta Scoile** ríthábhachtach chun fiontraíocht a chothú i measc daltaí meánscoile ar fud na cathrach. Ceapadh an clár chun cruthaitheacht agus nuálaíocht a spreagadh, agus tugtar deis ann do dhaltai fíorghnólachtaí a bhunú agus a reáchtáil mar chuid de chomórtas náisiúnta. Tacaítear leis an tionscnamh trí cheardlanna sa scoil, acmhainní tiomnaithe, agus meantóireacht i rith na bliana acadúla. Déanann buaiteoirí chomórtas Chathair Bhaile Átha Cliath ionadaíocht ar an réigiún ag an gCraobh Náisiúnta.



Chuidigh ár gcláir thacaíochta ionchuimsitheacha le fiontraithe ó chúlaí éagsúla—lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, baill de phobail nua, agus Gaeilgeoirí—rud a léiríonn ár dtiomantas maidir le fiontraíocht inrochtana a chruthú do chách.

IOMAÍOCHAS

Bhí dúshláin mhóra roimh chliant micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath in 2020, ach d'éirigh leo na dúshláin a shárú le solúbthacht iontach. Ghlac go leor cliant an deis chun a gcumas digiteach a fheabhsú, mar thuig siad go raibh sé sin ríthábhachtach chun fanacht iomaíoch agus, i gcásanna áirithe, leanúint ar aghaidh ag trádáil. Mar fhreagairt air sin, chuir OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath tacaíochtaí spriocdhírthe i bhfeidhm, lena n-áirítear an Dearbhán Leanúnachais Gnó, chun cabhrú le gnólachtaí rioscaí láithreacha a mheas, pleananna teagmhais a fhorbairt, agus oibríochtaí a oiriúnú le linn ghéarchéim COVID-19. Chomh maith leis sin, chuidigh an tacaíocht Spreagtha Ciant le gnólachtaí leanúint ar aghaidh ag feidhmiú agus ag pleanáil le haghaidh téarnaimh in ainneoin cur isteach suntasach. Tá OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath tiomanta fós do thacaíocht a thabhairt do chliantchuideachtaí leis na tacaíochtaí riachtanacha chun táirgiúlacht a threisiú agus rath a bhaint amach i dtírdhreach gnó atá ag athrú i gcónaí.

DIGITIÚ

Ba chúis chumhachtach í paindéim COVID-19, mar spreag sí úinéirí gnó chun glacadh leis an digitiú ar luas méadaithe. Tar éis athruithe tosaigh a dhéanamh, thuig go leor cuideachtaí an acmhainneacht ollmhór atá ag uirlisí digiteacha chun cuíchóiriú a dhéanamh ar oibríochtaí, rannpháirtíocht custaiméirí a chlaochlú agus fás a chothú. D'aithin OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath go raibh sé tábhachtach cur leis an dul chun cinn sin, agus thug siad tús áite do thionscnaimh a chabhraigh le cliantchuideachtaí úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíocht. Trí oiliúint spriocdhírthe, rochtain ar shaintreoir, agus sraith tacaíochtaí airgeadais, chabhraigh OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath le gnólachtaí leas a bhaint as uirlisí digiteacha chun a n-iomaíochas a neartú agus iad féin a chur i riocht rathúil i ndiaidh na paindéime.

GLAS

De bharr tionscnamh **Glas don Ghnó** de chuid OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath, cumasaítear gnólachtaí beaga chun glacadh le hinbhuanaitheacht agus dícharbónú, rud a thagann le hionchais athraitheacha tomhaltóirí agus éilimh rialála do thionscail amhail miondíol agus fáilteachas.

Is féidir le fiontair bheaga incháilithe a bhfuil 1-50 fostaí acu rochtain a fháil ar mhaoiniú 75% (€750-€10,000) le haghaidh infheistíochtaí i dteicneolaíocht inbhuanaithe tar éis dóibh Tuarascáil Glas don Ghnó, Tuarascáil TúsGlas, nó Iniúchadh Fuinnimh SEAL a chomhlánú tríd an **Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh**. Tacaíonn an deontas le feabhsuithe éagsúla lena n-áirítear méadair fuinnimh, rialuithe cliste, uasghrádú ar shoilsiú LED, teaschaidéil agus córais bainistíochta uisce. Chun cáiliú dó, caithfidh gnólachtaí feidhmiú ó áitreabh tráchtála inráitille nó a bheith ceadaithe ag Fáilte Éireann, agus a bheith bunaithe ar feadh 6 mhí ar a laghad. Ní féidir leo a bheith ina gcliain de chuid Fhiontraíocht Éireann ná de chuid GFT, agus ní mór dóibh sainmhíniú FBManna an AE a chomhlíonadh agus láimhdeachas bliantúil nó clár comhardaithe iomlán de €10 milliún nó níos lú acu. Leis an tacaíocht chuimsitheach sin,

treoraítear cliantchuideachtaí tríd an aistriú ríthábhachtach chuig cleachtais éiceabhácha, agus cuidítear leo a bheith rathúil i dtodhchaí ina dtugtar tús áite don tionchar ar an gcomhshaol, in éineacht le méadracht rathúlachta traidisiúnta.

NUÁLAÍOCHT

Chuidigh an **Ciste Nuálaíochta Sofhreaigrúla** le gnólachtaí beaga freagairt go tapa do dheiseanna margaidh trí thacaíocht taighde agus forbartha spriocdhírthe. Leis an gcóras maoinithe solúbtha sin, d'éirigh le cliant OFÁ tionscadail nuálacha a dhéanamh a raibh costais iomlána faoi bhun €300,000 acu, agus tacaíocht deontais idir 25% agus 45%.

Chuir an **Clár Nuálaíochta Ceannródaíche**, faoi bhainistíocht Furthr, conair struchtúrtha ar fáil do ghnólachtaí seanbhunaithe chun deiseanna fáis claochlaitheacha a aithint agus a bhaint amach. Agus é ceaptha do chuideachtaí a bhfuil trí bliana de stair trádála ar a laghad acu, 3-50 fostaí, agus láimhdeachas íosta €250,000, tagann ceardlanna straitéiseacha agus meantóireacht phearsantaithe le chéile sa dianchlár sin chun cabhrú le gnólachtaí dul i ngleic go córasach le nuálaíocht.

Léiríonn an **Ciste Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta** infheistíocht straitéiseach in iomaíochas fhiontair Bhaile Átha Cliath amach anseo. Díróinn an clár maoinithe cuimsitheach sin ar chuideachtaí a thrádálann go hidirnáisiúnta in earnálacha déantúsaíochta agus seirbhísí incháilithe, agus tacaíonn sé le gnólachtaí atá ag tabhairt faoi dhúshláin theicniúla neamhghnácha a chuireann go mór lena gcumas T&F.

EASPÓRTÁIL / IDIRNÁISIÚNÚ

Leis an Deontas **Cúnamh Theicniúil do Mhicrea-Easpórtálaithe (TAME)**, tacaíodh le gnólachtaí Bhaile Átha Cliath ina n-uailmhianta fáis idirnáisiúnta trí pháirtmhaoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iontrála margaidh ríthábhachtacha. Chuidigh an maoiniú spriocdhírthe sin le cuideachtaí taighde margaidh a dhéanamh, páirt a ghlacadh in aontaí trádála idirnáisiúnta, agus ábhair mhargaíochta dírithe ar onnmhairiú a fhorbairt. Tríd an **gClár Luasaire Easpórtála**, tugtar scileanna riachtanacha do ghnólachtaí chun iniúchadh a dhéanamh ar mhargaí nua thar lear agus a láithreacha a bhunú iontu.

Bhain **47**

cuideachta úsáid as tacaíochtaí Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta, rud a chothaigh smaointe nua agus fás.

LÍONRAÍ

Seoladh **Líonra na gCéad Chéimeanna Eile [Céimithe SYOB]** i mí Iúil 2024 chun líonra dinimiciúil agus tacúil d'fhiontraíthe nua a bhfuil clár Tosaigh Do Ghnó Féin (SYOB) críochnaithe acu le OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn. Tá sé mar aidhm aige tacú le rannpháirtithe ar a dturas i dtreo a ngnólachtaí luathchéime a sheoladh agus/nó a fhorbairt go rathúil. Reáchtáladh 9 n-imeacht in 2024 agus 2025, agus bhí 150 duine i láthair san iomlán.

Is líonra tacaíochta píolótach é **Ceangal OFÁ** a sheol OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2024 do ghnólachtaí cliant atá ag trádáil le breis agus trí bliana agus atá ag lorg fáis go gníomhach. Thosaigh an líonra le 10 mball, agus tá sé ag leathnú i gcónaí, ag bualadh le chéile gach coicís chun léargais, dúshlán agus deiseanna a roinnt de réir mar a théann baill ar aghaidh ar a dturas gnó.

Tá fás agus rannpháirtíocht shuntasach feicthe ag an **Líonra Ban i gCúrsaí Gnó** i gCathair Bhaile Átha Cliath le blianta beaga anuas in ainneoin na ndúshlán atá roimh fhiontraíthe bainearna, ag méadú ó 146 ball in 2021 go 273 ball ag deireadh 2025. Dírionn cur chuige an líonra ar mheascán éagsúil de dheiseanna rannpháirtíochta, lena n-áirítear glaonna saineolaithe Zoom agus Caife, imeachtaí duine le duine, agus cruinnithe le grúpa cuntasachta. Tá an freastal foriomlán fós láidir, é ag méadú ó 1283 in 2021 go 1285 in 2025.

Tugann an pobal rathúil sin deiseanna luachmhara d'fhiontraíthe bainearna i mBaile Átha Cliath chun nascadh lena chéile, saineolas a roinnt, agus tacú le fás gnó a bparáil. Déantar é sin trí imeachtaí líonraithe struchtúrtha, seisiúin speisialaithe le saineolaithe tionscail, agus grúpaí cuntasachta comhoibríocha, atá go léir ceaptha chun rath a chothú i dtimpeallacht spreagúil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí beaga seanbhunaithe araon.

Is tionscnamh comhoibríoch de chuid Oifigí Fiontar Áitiúil i mBaile Átha Cliath é **Biashlabhra Bhaile Átha Cliath**, a fhaigheann tacaíocht ón mBord Bia, atá ceaptha chun oidhreacht bhia shainiúil an réigiúin a chur chun cinn. Freastalaíonn an líonra sin ar ghnólachtaí bia ar fud na n-earnálacha táirgthe, soláthair, seirbhíse bia, miondíola agus dailte trí oiliúint speisialaithe, imeachtaí líonraithe agus deiseanna margaíochta comhchoiteanna a sholáthar. Le linn na tréimhse 2021 - 2025, chruthaigh an líonra **62 imeacht**.

Tá sé mar aidhm ag an líonra feasacht tomhaltóirí ar tháirgí áitiúla a mhéadú, aitheantas branda a fheabhsú do na baill, rochtain ar an margadh a bharrfheabhsú do tháirgeoirí, nuálaíocht a chothú, turasóireacht bhia a chur chun cinn, agus fostaíocht inbhuanaithe a chruthú in earnáil bia Bhaile Átha Cliath.

Oifig Fiontar Áitiúil
Local Enterprise Office
Líonra do Mhnaí i mBun Gnó
Ag Cur Mheá Chur Cinn ar Ghnó
Women in Business Network
Encouraging Women in Business to Succeed

NEXT STEPS
NETWORK

DUBLIN
FOOD
CHAIN



87%

méadú ar líon na mball de Líonra Ban i gCúrsaí Gnó in Oifig Fiontar Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath idir 2021 - 2025



1,691

ball de Biashlabhra Bhaile Átha Cliath faoi 2025



FORBAIRT CUMAIS AGUS ACMHAINNE

TIONSCADAIL CFFR

Is tionscnamh bunúsach é an **Ciste um Fhorbairt Fiontraíochta Réigiúnaí (CFFR)** chun nuálaíocht chomhoibríoch a chothú ar fud thírdhreach fiontraíochta na hÉireann. Tacaíonn an clár cuimsitheach sin le tionscadail chlaochlaitheacha a neartaíonn athléimneacht eacnamaíoch réigiúnach agus a spreagann fás fostaíochta inbhuanaithe trí chómhaoiniú straitéiseach.

Tacaíonn an ciste go sonrach le tionscnaimh braislithe fiontar, ag cruthú timpeallachtaí dinimiciúla inar féidir le gnólachtaí áiseanna agus saineolas a roinnt, agus líonraí láidre a thógáil. Trí thacaíocht a thabhairt do na héiceachórais chomhoibríocha sin, le cabhair ón CFFR, tá réigiúin in ann oiriúnú go héifeachtach d'athruithe eacnamaíocha idirnáisiúnta agus gníomhaíocht nuálach á cothú a rachaidh chun tairbhe d'fhiontair aonair agus don phobal gnó níos leithne.

FORBAIRT BAINISTÍOCHTA

Cuireann OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath punann chuimsitheach de thionscnaimh forbartha ceannaireachta ar fáil atá ceaptha chun freastal ar riachtanais éagsúla fhiontraithe Bhaile Átha Cliath. Ag obair i gcomhpháirtíocht le hinstitiúidí agus saineolaithe ceannródaíocha sa tionscal, cuirimid réimse clár ar fáil a chabhraíonn le ceannairí gnó dul i ngleic le dúshlán nua-aimseartha - ó chlaochlú digiteach go cur i bhfeidhm cleachtais inbhuanaithe.

I measc ár gclár suaitheanta, tá an clár pólótach **One360**, agus 11 rannpháirtí ann ag deireadh 2024, an clár **Ceannaireacht le haghaidh Luasghéarú Gnó** i gcomhar le *OFÁ Fhine Gall*, a tionóladh 6 huaire ó 2023 agus 66 rannpháirtí ann san iomlán, agus ár gclár bunchloiche **Clár Gnó Cruthaitheach Let's Talk** i gcomhar le *hEalaíontóirí Radharcacha Éireann (VAI)*, a seoladh in 2024 agus 23 rannpháirtí ann ag deireadh 2025. Tá gach tionscnamh leagtha amach go cúramach chun acmhainní teicniúla agus scileanna ceannaireachta straitéiseacha araon a thógáil, ionas gur féidir le gnólachtaí Bhaile Átha Cliath a bheith in iomaíocht go héifeachtach i margaí idirnáisiúnta.

SPÁSANNA FIONTRAÍOCHTA

☉ Lonnaithe i gcroílár na Saoirsí, Baile Átha Cliath 8, tá breis is 160 cuideachta in **Ionad Fiontraíochta Guinness**, atá á bhainistiú ag Furthr. Cuireann Ionad Fiontraíochta Guinness spás oifige, comhairle, raon feidhme náisiúnta agus idirnáisiúnta agus pobal ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta agus do chuideachtaí atá ag fás chun a bheith ag foghlaim agus ag fás.

Dibríonn an Oifig Fiontair Áitiúil i gCathair Bhaile Átha Cliath le hIonad Fiontraíochta Guinness chun feasacht a mhúscailt ar na tacaíochtaí atá ar fáil do FBManna tríd an Oifig Fiontair Áitiúil agus trí Fhiontraíocht Éireann. Áirítear leis sin ceardlanna agus clinicí duine le duine a sheachadadh le cliaint.

☉ Is Eagraíocht Neamhbhrabúis é Ionad Fiontraíochta **SPADE** a bhfuil stádas carthanachta aige, agus cuireann siad timpeallacht thacúil ar fáil do ghnólachtaí atá ag fás i Sráid an Rí Thuaidh, i gcroílár Chathair Bhaile Átha Cliath.

Sa bhliain 2023, d'oscail siad a gcistin tráchtála chomhroinnte a fheidhmíonn mar spás gortainne do tháirgeoirí bia luathchéime. Síneann an tsaoráid thar 5,600 troigh chearnach, lena n-áirítear áiseanna cistine agus stórála, agus cuireann sí acmhainn ar fáil do 24 gnólacht.

Cuireann siad roinnt cistineacha aonair ar fáil freisin do ghnólachtaí bia atá ag fás agus réimse roghanna spáis oifige, ó dheasca tiomnaithe d'oibrithe aonair go hoifigi níos mó a fheastalaíonn ar fhoirne gnó.

Cuireann Spade timpeallacht oibre chomhoibríoch ar fáil, agus soláthraíonn siad réimse tacaíochtaí gnó lena n-áirítear meantóireacht agus líonrú. Dibríonn OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath le Spade chun feasacht a mhúscailt ar na tacaíochtaí atá ar fáil do FBManna tríd an Oifig Fiontair Áitiúil agus trí Fhiontraíocht Éireann, lena n-áirítear clinicí agus ceardlanna duine le duine a reáchtáil dá mbaill.

☉ Is carthanas neamhbhrabúis é **Fiontar Lár na Cathrach (ICE)** a bunaíodh in 1992 chun cabhrú le daoine dífhostaithe a ngnólachtaí féin a bhunú i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Ó osclaíodh iad, chabhraigh siad le breis is 3250 cliant a ngnólachtaí féin a bhunú.

Cuireann ICE cúrsaí rialta Tosaigh Do Ghnó Féin ar fáil do dhaoine óga, agus in 2022 chuaigh siad i gcomhpháirtíocht le OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath chun clár SYOB a sheachadadh don Phobal Úcránach.

Chomh maith leis sin, chuidigh siad le gradaim Fiontraíochta Sóisialta Bhaile Átha Cliath a bhunú in 2014 i gcomhar leis an Oifig Forbartha Eacnamaíochta agus le hOifig Fiontair Áitiúil Chathair Bhaile Átha Cliath. Le dhá bhliain anuas, d'oscail ICE an Mol ar an

gCnoc, mol d'fhiontair shóisialta agus tacaíocht ó Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.



SPADE





CLÁIR NÁISIÚNTA OFÁ

SEÓTHAISPEÁNTAS

Is ardán ríthábhachtach é **Seóthaispeántas** - Taispeántas Cruthaitheach na hÉireann do dhearthóirí agus do cheardaithe atá ag teacht chun cinn i gCathair Bhaile Átha Cliath. Bíonn an t-imeacht trádála mór le rá sin ar siúl gach bliain ag an RDS agus tá Crios Fiontraíochta tiomnaithe ann, arna chomhordú ag Oifigí Fiontraíochta Áitiúla, áit a léiríonn cruthaitheoirí nuálacha a gcuid oibre do cheannaitheoirí idirnáisiúnta. Leagtar béim sa spás coimeádta sin ar éagsúlacht earnálacha cruthaitheacha Bhaile Átha Cliath, ó earraí criadóireachta agus seodra comhaimseartha go cúram craicinn agus dearadh inti ceannródaíoch.

Gach bliain, cuireann cliaint OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath a gcuid táirgí i láthair sa timpeallacht dhinimiciúil sin, agus iad ag fáil poiblíocht luachmhar do mhargaí domhanda agus ag bunú naisc thrádála ríthábhachtacha.

AN TACADAMH BIA

Is comhoibriú ceannródaíoch é **Tionscnamh an Acadaimh Bia** idir OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath agus SuperValu lena gcruthaítear bealach cuimsitheach d'fhiontraíthe bia chun a gcuid táirgí a thabhairt ón gcoincheap go dtí na seilfeanna miondíola. Trí chlár struchtúrtha ceardlann, meantóireachta duine le duine, agus deiseanna miondíola díreacha, faigheann na rannpháirtithe scileanna riachtanacha i sábháilteacht bia, i dtaighde margaidh, i mbrandáil, agus i gcleachtais ghnó inbhuanaithe.

Cuimsítear trí ghné ar leith sa chlár: acmhainní foghlama ar líne ón Scoil Dhigiteach Bhia, an clár dírithe Cúrsa Tosaigh Bia, agus príomhchlár an Acadaimh Bia, a chabhraigh le táirgeoirí Bhaile Átha Cliath a gcuid táirgí a sheoladh go rathúil i siopaí SuperValu. Cinntítear leis an gcur chuige ilghnéitheach sin go bhfaigheann fiontraíthe bia an tacaíocht cheart ag gach céim dá dturas, ón gcoincheap tosaigh go dtí an dáileadh náisiúnta.



CLIAINT SHEÓTHAISPEÁNTAS OFÁ CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH

Bliain	Líon na gCliaint
2021	2
2022	6
2023	5
2024	4
2025	7



AN COMÓRTAS NÁISIÚNTA TREABHDÓIREACHTA

Tá **Taispeántas Trádála na gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta** ar cheann de na seóthaispeántais tomhaltóirí is mó in Éirinn, agus tugtar deis shuntasach, dá bharr, do chliaint OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath teacht ar bhreis is 250,000 cuairteoir sa Sráidbhaile Fiontair Áitiúil. Bíonn an phríomhócáid sin ar siúl gach bliain i mí Mheán Fómhair i lár na tíre, agus athraíonn sé 50 acra ina spás taispeántais dinimiciúil inar féidir le fiontair áitiúla a gcuid táirgí agus seirbhísí a thaispeáint do lucht féachana náisiúnta. Faigheann monaróirí agus soláthraithe seirbhísí nuálacha Bhaile Átha Cliath aird luachmhar trí spás sráidbhaile tiomnaithe na hOifige Fiontair Áitiúil, agus faigheann gach rannpháirtí seastán 3x2 mhéadar atá feistithe go gairmiúil, tacaíocht chuimsitheach taispeántais, agus rochtain ar dheiseanna luachmhara CP.

Tá sé cruthaithe go bhfuil an t-ardán straitéiseach sin luachmhar do ghnólachtaí i mBaile Átha Cliath chun feachtas ar bhrandaí a thógáil agus naisc ríthábhachtacha mhargaidh a bhunú.



TIONSCNAIMH EILE

Ceanglaíonn **Comhpháirtíocht Nuálaíochta ENFUSE** fiontair Bhaile Átha Cliath le tallann ar leibhéal máistreachta ó phríomhollscoileanna, rud lena gcruthaítear comhoibriú dinimiciúil a théann chun tairbhe do ghnólachtaí agus mic léinn araon. Tríd an gclár nuálach sin, faigheann cuideachtaí peirspictíochtaí nua agus réitigh phraiticiúla ar a ndúshlán ghnó, agus forbraíonn mic léinn taithí luachmhar ar chomhairliúchán san fhíorshaol. Oibríonn foirne de 4-6 mac léinn go dlúth le fiontair atá sannta dóibh thar sheimeastar chun straitéisí cuimsitheacha a fhorbairt i réimsí gnó éagsúla, ó mhargaíocht dhigiteach go meaisínfhoghlaím. Críochnaíonn an tionscnamh saor in aisce sin le babhta deiridh iomaíoch ina gcuireann na foirne mac léinn is fearr a réitigh fiontraíochta i láthair do shaineolaithe sa tionscal, rud lena gcothaítear nasc bríomhar idir sármhaitheas acadúil agus nuálaíocht gnó.

Is imeacht ríthábhachtach i bhféilire teicneolaíochta na hEorpa é **Cruinniú Mullaigh Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (DTS)** a thugann nuálaithe domhanda, fiontraithe agus ceannairí smaointe le chéile i bpríomhchathair na hÉireann. Mar an fhéile theicneolaíochta is mó atá ag fás san Eoraip, tá DTS bunaithe mar ardán ríthábhachtach chun iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairtí ceannródaíochta san intleacht shaorga, sa ríomhaireacht chandamach, sa chlaonlú digiteach, agus sa teicneolaíocht inbhuanaithe. Cruthaíonn an cruinniú mullaigh timpeallacht dhinimiciúil inar féidir le ceannródaíche sa tionscal léargais a roinnt, inar féidir le ghnólachtaí nuathionscanta nascadh le hinfheisteoirí, agus inar féidir le lucht freastail léargas luachmhar a fháil ar thodhchaí na teicneolaíochta. Ag mealladh na mílte rannpháirtí ó gach cearn den domhan, léiríonn DTS seasamh Bhaile Átha Cliath mar mhol teicneolaíochta ceannródaíoch san Eoraip, agus cothaíonn sé plé fiúntach faoi fhorbairt fheagrach teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.



"ALL IN A DAY'S WORK"



Léirigh feachtas **"All In A Day's Work"** tacaíochtaí praiticiúla a chabhraigh le gnólachtaí beaga an bealach a ndearna siad a gcuid oibre a athrú. Ag díriú ar chláir Bharainneacha, Ghlasa agus Dhigiteacha, leag an feachtas béim ar an gcaoi a bhféadfadh na seirbhísí sin feabhsuithe fíora a spreagadh i dtáirgiúlacht agus in iomaíochas. Ó seoladh é, tá breis is €28 milliún sábháilte ag an gclár Barainneach don Ghnó ina aonar do chuideachtaí Éireannacha, agus tuairiscíonn gnólachtaí rannpháirteacha coigilteas costais €34,000 ar an meán agus méadú 31% ar aschur. Spreag an feachtas gnólachtaí chun teagmháil a dhéanamh lena nÓifig Fiontair Áitiúil chun na tacaí is ábhartha a aithint don chéim fáis ina bhfuil siad faoi láthair.



**BARAINNEACH
DON GHNÓ**



**DIGITEACH DON
GHNÓ**



**GLAS DON
GHNÓ**

LOOK FOR LOCAL



Seoladh an feachtas **Look for Local** chun gnólachtaí beaga a chur chun cinn roimh an Nollaig agus an t-irise teacht amach as paidéim COVID-19. Spreag an tionscnamh tomhaltóirí chun tacú le táirgí, seirbhísí agus eispéiris áitiúla, ag léiriú go gcabhraíonn gach euro a chaitear go háitiúil le poist a chothú, pobail a neartú agus go gcuireann sé leis an ngeilleagar áitiúil. Trí úsáid a bhaint as an haischlib #LookForLocal agus eolaire gnó ar líne, leis an bhfeachtas bhí sé níos éasca do dhaoine gnólachtaí ina gceantar a aimsiú agus tacú leo—chruthaigh sé sin go raibh buntáistí ag baint le siopadóireacht áitiúil do chách.



Aguisín - Méadracht Feidhmíochta OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath

Conair Dul Chun Cinn	2021	2022	2023	2024	2025
Líon na gcliant a aistríodh chuig FÉ	22	17	33	32	26

Beart 1	2021	2022	2023	2024	2025
Líon na gcliant a bhfuil maoiniú ceadaithe dóibh					
Féidearthacht	27	22	31	28	47
Cúnamh airgeadais tionscnaimh	13	15	5	12	10
Méadú gnó	26	25	25	18	15
Líon na bpost nua a cruthaíodh a bhaineann le ceaduithe	752				

Dearbhán Trádála ar Líne (TOV)	2021	2022	2023	2024	2025
Líon na nDearbhán Trádála ar Líne ceadaithe	13	15	5	12	89

Deontas Cúnaimh Teicniúil do Mhicrea-Easpórtálaithe (TAME)	2021	2022	2023	2024	2025
Líon na n-iarraitas ar Chúnamh Teicniúil do Mhicrea-Easpórtálaithe ceadaithe	9	22	26	17	4

Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht (TF&N)	2021	2022	2023	2024	2025
Líon na gcuideachtaí atá ceadaithe le haghaidh TF&N	2	2	3	0	4

Beart 2	2021-2025
Cláir Oiliúna/Forbartha	
Líon iomlán na gclár	17,920
SYOB	2,256
Meantóireacht	
Líon na ngnólachtaí a bhain leas as meantóireacht duine le duine	6,567

Fiontraíocht Scoile	2021-2025
Líon na scoileanna a ghlac páirt	147
Líon na ndaltaí a ghlac páirt	6,386

Aguisín - Méadracht Feidhmíochta OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath

Tacaíochtaí Táirgiúlachta	2021-2025
Líon na gcuideachtaí a ceadáíodh le haghaidh Barainneach don Ghnó	79
Líon na gcuideachtaí a ceadáíodh le haghaidh Glas don Ghnó	127
Líon na gcuideachtaí a ghlac páirt sa Chlár Digiteach don Ghnó	79

Mícreamhaoiniúchán Éireann (MFI)	2021-2025
Líon na n-iarratas a cuireadh isteach	142

CAIRT UM SHEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

An custaiméir i gceartlár ár gcuid oibre...



ÁR MISEAN:

Tá de chuid ár gceartlár a chur chun cinn, gníochtaí nuathionscanta a chosú, agus microaghníochtaí agus gníochtaí beaga atá ann cheana féin a fhorbairt chun diús a chur faoi chruithú jabanna agus chun tacaíochtaí atá ar ardchaighdeán agus a bhfuil fáil orthu gan stró a chur ar fáil le haghaidh aon ghnd nua a bhfuil tú ag cuimhneamh air.

SEIRBHÍS ATÁ AR FÁIL Ó D'OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL (OFÁ):

- Tuáirgí teagmhála do gach uile cheist a bhaineann le fiontraíocht sa chontas ná sa cheathair.
- Dóirí i gcomhar le fiontraíocht, tionscndirí, gníochtaí agus páirtithe leasmhara eile sa chontas ná sa cheathair chun an fiontraíocht a chosú.
- Dóirí fiontraíochta, forbairt bainistíochta agus meandíreacht a sholáthar d'fiontraíocht agus do ghníochtaí.
- Dóirí díreach, mar aon le roghanna i dtaobh dóirí, a chur ar fáil d'fiontraíocht, tionscndirí agus gníochtaí leasmhara ar mhaithe le fáil agus forbairt microaghníochtaí.
- Dóirí chun gréasáin ghnd a bhfuil na ciall ina gceartlár a chruithú agus a choimeáil i gcóir.
- Conair forchúimnithe a riteach chuig na Ranna i bhFiontraíocht Éireann a bhíonn a déileáil le Gníochtaí Nuathionscanta Ardchomhannais agus le Tionscal Shearbhunaithe.
- Sa chás nach féidir leis an OFÁ déileáil leis an gceist atá agat, cuirfidh sé tú i dteagmháil leis an ngníomhaireacht chuí.

Tá rún daingean ag an OFÁ seirbhís ardaighdeán a chur ar fáil do chustaiméirí faoi mar atá leagtha amach inár gCairt do Chustaiméirí agus i gcomhréir le príomhábail na seirbhíse ardaighdeán do chustaiméirí atá glactha ag na Ranna Rialtais agus na Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí go léir.

CÉARD IS CAIRT UM SHEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ ANN?

Is éard atá sa Cairt seo um Sheirbhís do Chustaiméirí ná gearrteas a leith ardaighdeán na seirbhíse a thugaimid duitse, leagtar amach iní an méid a dhéanfaidh do OFÁ ar do shon, an chaoi a bhfuil i gceist againn é a dhéanamh, agus an méid ama a ghlacfaidh sé.

Tá rún daingean ag do OFÁ meandíreacht sheanta a dhéanamh ar ár soláthar seirbhíse duitse agus an soláthar sin a fheabhsú.

CÓNAS IS FÉIDIR LEATSA CUIDIÚ LINNE?

Tig leatse cuidiú linne ar na sílte seo:

- Caitheamh lenár gcomhaltaí foirme ge cúntáiseach.
- Aiseolas a thabhairt dúinn le gur féidir linn feabhas a chur ar ár seirbhís.
- Eolas beacht a thabhairt dúinn agus tú ag déileáil linn.
- Bheith poncúil, pras, proifisiúnta.

AN MÉID A DHÉANFAIDH AN OFÁ AR DO SHON

Féachfaimid le deimhin a dhéanamh de, maidir lenár gcomhaltaí foirme:

- Go bhfuil an t-eolas agus an taithí chuí acu mar aon leis an fhreagracht agus an t-údarás cuil ionas gur féidir leo déileáil le do chuid ceisteanna ná tú a chur i dteagmháil le duine eile atá in ann cabhrú leat.
- Go gcuirfidh siad ár seirbhís ar fáil ar bhealach cairdiúil, uilechuimnitheach.
- Go gcuirfidh siad leat ar bhealach cúntáiseach, geimíúil.
- Go gcuirfidh siad eolas soléir, cruinn, cabhrach ar fáil duit.
- Go ndéileálfadh siad go pras le do chuid iarratais, do chuid ceisteanna agus leis na nithe is cáis leat.
- Go dtabharfaidh siad cothrom na féinne do gach uile chustaiméir agus gan aon idirtheaú a dhéanamh eatarthu.
- Go mbeidh aird acu ar an núdacht i gcónaí.
- Go gcuirfidh siad go seasta bealaí nua agus bealaí níos fearr chun ár seirbhís a sholáthar.

I gcás nach féidir leis an OFÁ déileáil le do cheist cuirfidh sé i dteagmháil thú leis an ngníomhaireacht chuí.

Tá an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus Fiontraíocht Éireann tar éis prótacail a seantú leis na gníomhaireachtaí cuil le go mbeidh seirbhís éifeachtach ann do chustaiméirí agus muid ag déileáil le ceisteanna é na ciall.

ÁISEANNA DON PHOBAL

- Cuirfear saoma cruinnithe ar fáil duit san OFÁ más gá le gur féidir cúlra a ghéir linn go rúnda.
- Déanfaidh an OFÁ deimhin de go bhfuil ár gcuid oifige, áiseanna agus sonhairní uile inrochtana, i gcomhréir leis an Acht um Michumas, 2005. Má tá aon cheist agat maidir le háiseanna don phobal/inrochtaineacht, ba cheart na ceisteanna sin a chur faoi bhráid Cheannasaí an OFÁ.

COMHIONANNAS

Agus muid ag déileáil le custaiméirí, seachfaimid go daingean leis na cearta comhionannais a cuirfadh ar bun sa reachtáilocht chomhionannais. Ní dhéanann an OFÁ aon idirtheaú atá bunaithe ar aois, míchumas, inscne, stádas teaghligh, cine, creideamh reiligiúnach, gnéaschlaonadh ná comhaltas den lucht siúil.

PRÍOBHÁIDEACHT AGUS RÚNDACHT

An t-eolas ar fáil a thabharfaidh tú, idir eolas pearsanta agus eolas gnd, beidh sé faoi rún daingean agus déileálfar leis ar shíl a léiríonn go bhfuil éndis againn duit.

CUMARSÁID

Déileálfadh an OFÁ le do cheist go pras ar bhealach cabhrach, cúntáiseach, geimíúil.

- Cuirfidh muid féin in aithne nuair a fhreagróimid an guthán.
- Nuair a theastaíonn é chiall bualadh le comhaltaí foirme den OFÁ, feachfar leis an gcuimhí sin a eagrú leistigh de 5 lá oibre más féidir.
- Tabharfar admháil i leith gach uile chumarsáide i scríbhinn leistigh de 5 lá oibre ón lá a bhfaighfear é.
- Tabharfar admháil i leith gach uile theachtairseachta ríomhphoist leistigh de 48 uair ón am a bhfaighfear é.
- Tabharfar freagra i leith gach uile fhoicirí gutháin leistigh de 2 lá oibre. Beidh diis toifedta glórphoist i bhfeidhm i gcónaí.
- In aon chomhfhreagras i scríbhinn ón OFÁ, sonrófar airm agus sonraí teagmhála an chomhaltaí foirme atá ag déileáil le do cheist ná le d'fhoicirí.

Tá rún daingean ag do OFÁ seirbhís den scoth a chur ar fáil dá chiall. Le go mbeidh ár gciallaint sásta le caighdeán na seirbhíse a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí, déanfaimid anbhéirbhíocht rúnda ar na seirbhíse do chustaiméirí agus folleasóimid tacaíocht ina dtaobh, go háirithe na tréimh chun iarratais a ghéiríú, tairbhí cásanna chuig gníomhaireachtaí eile, agus agall freagartha. Folleasóimid freisin Suirbhé Bilantúil ar Chiall. De thoradh na dháscailí seo beidh Wargas againn ar an gcaoi a bhfuil ag éirí linn, ar thuairimí na gciall i leith ár seirbhíse agus ar na nithe a gcuirfidh feabhas a chur orthu.

CÓNAS GEARÁN A DHÉANAMH

Tá rún láidir ag ár bhfoireann seirbhíse geimíúil a chur ar fáil agus nua a bheith i gceart acu den chiall iarracht. Ainneoin ár ndícheil, aithnímid nach n-éireann linn i gcónaí an beart a dhéanamh agus go mblonn díomá dá n-áir ar ár gcustaiméirí sna cásanna sin. Tá nós imeachta caighdeánach i bhfeidhm againn ionas gur féidir linn do ghearán a fhoicirí go hiontán agus go cothrom.

- Déileálfar le cuid de na gearrán láithreach. Nuair nach féidir é sin a dhéanamh, tabharfaimid admháil i scríbhinn ná ar an guthán duit go bhfuilsamar do ghearán agus deimheasóid go dtuigimid i gceart údar do ghearán.
- Féireimid do ghearán agus tabharfaimid freagra ina leith leistigh de 5 lá oibre. Cuirfidh ar an eolas thú freisin i dtaobh gníomhartha ná iarrachtaí ar bith chun sáasam a thabhairt duit.
- Mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra sin, feidhfidh tú an gearrán a thairnaint anuas le duine níos sinsearaí ech scríbhinn fhoimíúil a chur faoi bhráid Cheannasaí na hOifige Fiontar Áitiúil.

Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le Fiontraíocht Éireann, leis an Roinn Fiontar, Turasóireachta agus Fostaíochta, le hAonad OFÁ, agus leis an Líonra OFÁ níos leithne as a gcomhpháirtíocht agus a dtreoir leanúnach.

Táimid buíoch freisin dár gcomhghleacaithe ar fud Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath as a gcomhoibriú agus a dtacaíocht leanúnach. Gabhaimid buíochas ar leith le Coiste Measúnaithe agus Formheasa Deontas Chathair Bhaile Átha Cliath OFÁ as a gcuid ama agus saíneolais a thabhairt.

Tugaimid aitheantas d'fhoireann iontach OFÁ Chathair Bhaile Átha Cliath, (Buaiteoirí Duaiseanna, Gradaim Foirne Trí Chaisleán Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath 2023 agus 2024), a dhéanann a seacht ndícheall i gcónaí chun tacaíocht a sholáthar dár gcliaint le dúthracht, gairmiúlacht agus cúram. Leagann a ndúthracht bunús do gach rud a mbainimid amach, agus táimid bródúil as grianghraf foirne a chur san áireamh mar aitheantas ar a gcuid oibre den scoth.



-  LocalEnterprise.ie/DublinCity/
-  [@LEODublinCity](https://twitter.com/LEODublinCity)
-  [@LocalEnterpriseOfficeDublinCity](https://facebook.com/LocalEnterpriseOfficeDublinCity)
-  company/leo-dublin-city/
-  [/LEODublinCity](https://youtube.com/LEODublinCity)
-  [LEODublinCity](https://instagram.com/LEODublinCity)


Local Enterprise Office
#ÁChurlgCrích



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

In partnership with

